# Nuacht Litir

Scoil Cholmcille
Ros a' Mhíl

# Samhradh 2022

### Cóineartú 28/4/22

Bhí lá fíor speisialta ag Rang a 6 agus iad ag ceiliúradh a gCóineartú. Rinne siad é le na gasúir ó Scoil Éinne sa Spidéal. Bhí cóisir againn leo ar scoil an lá ina dhiaidh sin agus bhí veain uachtar reoite agus cáca againn!






### Seachtain Ghníomhaí 3/5/22-6/5/22



Ghlac muid páirt sa Seachtain Ghníomhaí Scoile i mbliana a bhí ar siúl ó 3/5/22 – 6/5/22. Rinne muid gníomh gach lá idir cluichí agus siúlóidí. Bhí na gasúir an-tógtha leis!



## An Chéad Fhaoistin 6/5/22



De bharr srianta Covid, bhí an Chéad Fhaoistín ag Rang 2,3 agus 4 le chéile i mbliana sa scoil. Tháinig an t-athair Daniel agus bhí searmanas an-speisialta acu.

## Lá Oscailte 13/5/22

Bhí lá oscailte againn do na gasúir nua a bheidh ag tosú tar éis an tsamhraidh. Bhí seans acu spraoi agus meascadh le na Naíonáin Bheaga. Chomh maith leis sin bhí deis ag Naíonain Mhóra dhul isteach chuig seomra ranga Áine agus ag obair le Rang 1-3.







## Bliots Peile 18/5/22 + 9/6/22



D'fhreastal muid ar bhliots peile a bhain leis an Scéim Oiliúna Peile ar Pháirc na mBreathnaigh. D'imir muid in aghaidh  Ceantar na nOileán agus Ceantar Ros Muc. D'imir na gasúir thar cionn agus rinne said a gcéad mile dícheall. Ard mholadh ag dul do na gasúir as na bliotsanna ar fad. D'iompraídear iad fhéin thar barr agus muid an-bhródúil astu.

## Céad Chomaoineach 21/5/22



Bhí lá an-speisialta ag Daniel, David, Feichín, Fionn, Liam, Olivia agus Pádraic agus iad ag celiúradh a gCéad Chomaoineach. Bhí sé iontach go raibh muid in ann a bheith leo sa séipéal i mbliana agus cóisir beag a bheith againn ag an scoil!

## Lá Gan Éadaí Scoile 27/5/22



D' eagraigh na hardranganna lá gan éadaí scoile (mar chuid de a gcuraclam fiontraíochta) chun airgead a bhailiú don turas scoile chuig Baile Átha Cliath. Bhí díolachán cácaí acu freisin ar an lá agus d'éirigh leo an táille iontrála chuig Zú BAC a bhailiú. Bhailigh said €279. An-jab ardranganna!

## Turas Scoile go Inis Oirr 30/5/22

Tar éis na srianta Covid d'eirigh linn, sa deireadh, dhul ar turas scoile le chéile!



Chuaigh an scoil uilig chuig Inis Oirr. Bhí scéitímí ar na gasúir agus iad ag dul ar an mbád! Chuaigh muid ar shiúloid chuig Caisleán Uí Bhriain agus go dtí an Páirc Spraoi. Bhí lón álainn againn agus ansin uachtar reoite. Bhí an-lá ag na gasúir!



## Clár Bígí ag Ceol 15/6/22



Rinne gasúir Naíonáin Bheaga agus Naíonáin Mhóra dhá amhrán don clár Bígí ag Ceol : 'Glanaim Éadaí' agus 'Mo Bhreithlá'. Bhí an-lá acu agus an clár le feiceáil i mí Meán Fómhair.

## Turas go BAC 16/6/22

Bhí an t-ádh ar na hardranganna agus iad ag dul ar thuras eile chuig Baile Átha Cliath! D'fhág muid ar a 6 ar maidin agus chuaigh muid suas chuig an Zú. Bhí lá an-ghnóthach againn ag breathnú ar na hainmhithe ar fad agus ag spraoi sna páircanna spraoi a bhíonn acu. Bhí lón againn sa Meerkat Café.



Ina dhiaidh sin chuaigh muid ar cuairt chuig Ard-Mhúsaem na hÉireann nó Collin's Barracks. Thaitin sé seo go mór lena gasúir! Stop muid ag Supermacs ar an mbealach abhaile. Bhí muid ar ais ar scoil roimh a 8 i.n. Bhí an-lá ag na gasúir!





## Lá Spóirt 20/6/22

Bhí lá spóirt againn ar Pháirc Ros a' Mhíl i mbliana. Ar dtús bhí na gasúir meascaithe uilig idir na ranganna agus curtha i 4 ghrúpa. Bhí 4 stáisiúin againn: cluichí le liathróidí, ag caitheamh buataisí, ciceanna píonóis agus cluichí le málaí pónairí. Tar éis lóin rinne muid rásaí i ranganna rás an mála, fata is spúnóg, rás 3 chois , ritheacht agus tarraingt téide. Ar an mbealach ar ais chuig an scoil fuair chuile dhuine uachtar reoite. Bhí an-lá againn ar fad!







## Cuimhní Rang a 6



Agus muid ag fágáil slán le Rang a 6 seo cúpla cuimhne a bhí acu ón saol scoile:

**Brandon:**

Chuaigh muid go dtí go leor bliotsanna peile ach an ceann is fearr liom ná an bliots Cumann na mBunscoil nuair a bhí foireann buachaillí agus cailíní ann. Bhuaigh an dhá fhoireann chuile chluiche a bhí againn agus tháinig muid sa gcéad áit agus fuair muid dhá chupán!

An turas is fearr liom ná a turas go dtí an Zú i mBaile Átha Cliath. Bhí go leor ainmhithe ann agus na cuid is fearr liom ná na moncaaithe.

**Otto:**

Is cuimhin liom an dráma 1916. Bhí gunna agam agus bhí me ag troid in aghaidh na Sasanaigh.

An turas is fearr liom ná an turas go dtí Zú Bhaile Átha Cliath. Bhí sé go deas. D'ith muid lón sa mbialann Meerkat. Ba é an ainmhí is fearr liom ná an moncaí beag.

**Pedro:**

Bhain mé an-taitneamh as mo chuid ama sa scoil seo. Thaitin drámaíocht liom. Bá é an drama Nollaig sa Spáis an ceann is fearr liom.

Is é a turas go Zú Bhaile Átha Cliath an cuimhne is fearr liom.

## Slán le Rang a 6 22/6/22




Bhí celiúradh againn sa scoil le slán a fhágáil le Rang a 6. Tháinig tuismitheoirí na ngasúir, bhí píosa cainte againn, scannán beag agus ansin ghlaoigh Múinteoir Mícheál an rolla don uair dheireanach ! Fuair Rang a 6 hoodies agus pictiúr álainn i fráma. Ina dhiaidh sin bhí cóisir bheag againn agus scríobh Rang a 6 a nainmeacha ar an mballa sa gclós.



## Slán le Máire Bríd agus Michael Paul

Tá muid ar fad croí bhriste anois mar go bhfuil muid ag fágáil slán le Máire Bríd agus le Michael Paul. Chur an bheirt chomh mór leis an scoil agus bhí siad mar chuid lárnach do shaol na scoile le cupla bliain anuas.

Ba mhaith linn ár mbuíochas ó chroí a ghlacadh leis an mbeirt agus aireoidh muid uainn go mór iad.

Ag guí chuile bheannacht oraibh a Mháire Bríd agus Michael Paul agus go n-eirí go geal libh.

Bainígí sult as an saoire agus feicfidh muid arís sibh ar 30/8/22!

